*Uimhir* 23 *de* 2002

# An tAcht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 2002

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 23 *de* 2002

**AN tACHT TOGHCHÁIN (LEASÚ) (UIMH. 2), 2002**

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT


Alt

1. Leasú ar alt 36 den Acht Toghcháin, 1997.

2. Gearrtheideal, forléiriú agus comhlua.

## An tAcht dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht Toghcháin, 1997 | 1997, Uimh. 25 |

*Uimhir* 23 *de* 2002

# AN tACHT TOGHCHÁIN (LEASÚ) (UIMH. 2), 2002

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT D'FHADÚ, MAIDIR LE CAITEACHAIS ARNA dTABHÚ I nDÁIL LEIS AN OLLTOGHCHÁN DO CHOMHALTAÍ DO DHÁIL ÉIREANN A RINNEADH LE DÉANAÍ, NA TRÉIMHSE A SHONRAÍTEAR IN ALT 36 DEN ACHT TOGHCHÁIN, 1997, AR LAISTIGH DI A FHÉADFAR RÁITIS FAOIN ALT SIN I LEITH NA gCAITEACHAS SIN A THABHAIRT. [3 *Iúil*, 2002]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Leasú ar alt 36 den Acht Toghcháin, 1997.

**1.—**(1) San alt seo, ciallaíonn "olltoghchán deireanach" an t-olltoghchán is deireanaí a rinneadh roimh an Acht seo a rith.

(2) Beidh éifeacht le halt 36 den Acht Toghcháin, 1997, maidir le ráitis faoin alt sin i leith na nithe a luaitear san alt sin agus a bhaineann leis an olltoghchán deireanach, amhail is dá ndéanfaí—

(*a*) an méid seo a leanas a chur in ionad "laistigh de na sé lá is caoga díreach tar éis an lae vótaíochta i dtoghchán, ráiteas i scríbhinn" i bhfo-alt (1)(*a*):

"laistigh de cibé tréimhse díobh seo a leanas is faide, eadhon—

(i) na 167 lá díreach tar éis an lae vótaíochta i dtoghchán, nó

(ii) an 21 lá díreach tar éis an dáta a fhógróidh an Chúirt Uachtarach a breith san achomharc iomchuí,

ráiteas i scríbhinn",

(*b*) an méid seo a leanas a chur in ionad "laistigh de na 56 lá díreach tar éis an lae vótaíochta sa toghchán nó a luaithe is indéanta tar éis don tréimhse sin dul in éag" i bhfo-alt (6):

"laistigh de cibé tréimhse díobh seo a leanas is faide, eadhon—

(i) na 167 lá díreach tar éis an lae vótaíochta sa toghchán, nó

(ii) an 21 díreach tar éis an dáta a fhógróidh an Chúirt Uachtarach a breith san achomharc iomchuí,

nó a luaithe is indéanta tar éis don tréimhse sin dul in éag”,

agus

(*c*) na fo-ailt seo a leanas a chur leis an alt sin:

“(7) San alt seo, ciallaíonn ‘an t-achomharc iomchuí’ an t-achomharc a rinneadh an 14 Meitheamh 2002 chun na Cúirte Uachtaraí in aghaidh an ordaithe ón Ard-Chúirt a rinneadh an 16 Bealtaine 2002 in imeachtaí dar teideal ‘Desmond Kelly, Iarratasóir agus an tAire Comhshaoil, Éire agus an tArd-Aighne, Freagróirí’ (taifead uimh. 2002/172 JR de chuid na hArd-Chúirte).

(8) Déanfar tagairtí san alt seo don dáta a fhógróidh an Chúirt Uachtarach a breith san achomharc iomchuí, i gcás inarb ábhar do bhreitheanna ar leithligh arna bhfógairt ag an gCúirt sin ar dhátaí éagsúla iad na saincheisteanna a éiríonn as an achomharc sin (seachas ceist na gcostas), a fhorléiriú mar thagairtí don dáta is deireanaí de na dátaí a fhógróidh sí na breitheanna sin.”.

Gearrtheideal, forléiriú agus comhlua.

**2.—**(1) Féadfar an tAcht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 2002 a ghairm den Acht seo.

(2) Déanfar na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 2002 agus an tAcht seo a léamh le chéile mar aon ní amháin agus folófar an tAcht seo sa chomhlua “na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 2002”.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€0.76

9 781399 307864